



An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise
Competent Authority

**An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí**
Tuarascáil Bhliantúil 2021



Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



“Soláthróidh an clár i gcomhair bainistiú torainn, atá leagtha amach sa Chuspóir Maolaithe Torainn, creat i gcomhair bainistiú torainn aerárthaí sna deich mbliana atá romhainn.

Bhí tionchar suntasach ag paidéim COVID-19 ar an earnáil eitlíochta i rith 2021, rud a imríonn tionchar ar an bhforbairt eacnamaíoch agus ar an staid fostaíochta go náisiúnta.

Mar sin féin, ag féachaint i dtreo athoscailt na sochaí i ndiaidh na paidéime, tá an tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) i mbun measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le tionchar féideartha torainn ar phobail áitiúla.

Tá tógáil ar an Rúidbhealach Thuaidh nua ag dul ar aghaidh; agus bhí baint ag ANCA le measúnú iomlán a dhéanamh ar an aeráid torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhaineann lena oibriú, mar aon le hiarratas pleanála a chuir ÚABÁC isteach maidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath.

Soláthróidh an clár i gcomhair bainistiú torainn, atá leagtha amach sa Chuspóir Maolaithe Torainn, creat i gcomhair bainistiú torainn aerárthaí sna deich mbliana atá romhainn.

Mínítear sa tuarascáil bhliantúil seo na snáitheanna éagsúla d’obair an Údaráis Inniúil maidir le rialú agus monatóireacht ar thorann aerárthaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ionchur teicniúil láidir a thug saineolaithe, i réimsí na fuaimíochta agus an mheasúnaithe comhshaoil, a thacaigh le foireann ANCA ó thús deireadh 2021.

AnnMarie Farrelly
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Fhine Gall, Feabhra 2022

Ráiteas ón Stiúrthóir Seirbhíse



“Níl sa rialáil ach gné amháin dá ndéanamid. Leanfaidh ANCA air ag forbairt ár róil maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart bainistíochta torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sna blianta amach romhainn.

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil seo a chur ar fáil ina sonraítear gníomhaíochtaí ANCA in 2021, an dara bliain iomlán oibríúcháin ó bunaíodh an t-údarás.

I rith 2021, lean ANCA ar aghaidh ag seachadadh ár seirbhísí trí shamhail chumaisc, inar oibrigh baill foirne ón mbaile agus ón oifig, mar a éilíodh le beartas an rialtais chun cur i bhfeidhm iomlán ár sainchúraim a chinntiú laistigh de chreat treoirínte sláinte an rialtais.

Cé go raibh tréimhsí suntasacha ama le linn na bliana inar ghá oifigí ANCA a dhúnadh don phobal, d'fhan ár gcuid bealaí cumarsáide teileafóin agus ríomhphoist ag feidhmiú go hiomlán. D'éascaíomar freisin ceapacháin phoiblí le linn comhairliúcháin ar mheasúnú torainn aerárthaí.

I gcaitheamh 2021, rinne ANCA athbhreithniú ar gach iarratas pleanála a bhain le forbairtí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Leanamar le measúnú a dhéanamh ar iarratas suntasach ó 2020, a rinne iarracht dhá cheann de na coinníollacha pleanála a bhí mar chuid den chead don Rúidbhealach Thuaidh nua a athrú. Mar thoradh ar an measúnú iarratais seo cruthaíodh Cuspóir Maolaithe Torainn agus Dréachtchinnéadh Rialála ina dhiaidh sin, a mholann srianta oibríochta agus bearta maolaithe torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air. Rud atá tábhachtach, cuireadh próiseas a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta - ar a dtugtar Cur Chuige Comhardaithe an ICAO - i bhfeidhm agus na bearta seo á sainaithint.

Chuir ANCA na pleananna seo, an Cuspóir Maolaithe Torainn agus an Dréachtchinnéadh Rialála, mar aon le tuarascáil ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar tháingamar ar ár nDréachtchinnéadh Rialála agus ar mheasúnuithe comhshaoil ar na pleananna seo, amach le haghaidh comhairliúcháin poiblí i mí na Samhna 2021.

Chinntigh muid gur coinníodh fócas láidir ar fheidhm ANCA maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chloí le bearta maolaithe torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath; agus lean de bheith i dteagmháil leis na pobail áitiúla



agus le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun feabhas leanúnach a chinntiú don phobal maidir le thorann aerárthaí.

Tá sé mar aidhm ag an Údarás Inniúil a chinntiú go gcuirtear ár ngníomhaíochtaí i gcrích ar bhealach trédhearcach agus faisnéiseach. Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin ANCA, <https://www.fingal.ie/aircraftnoiseca>, agus é mar aidhm againn nuashonruithe tráthúla a sholáthar ar ghníomhaíochtaí ANCA nó ar ghníomhaíochtaí a bhaineann lenár bhfeidhm.

Ag breathnú chun cinn go dtí 2022 agus tar éis éisteacht le gach dearcadh a cuireadh in iúl le linn ár gcomhairliúcháin phoiblí ar thorann aerárthaí, déanfaidh ANCA Cinneadh Rialála lena mbunófar creat reachtúil um bainistiú torainn aerárthaí d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe inár gcur chuige bainistiú torainn - seachas gníomhaíocht - a chur i gceartlár gach cinnidh maidir le conas is ceart d'Aerfort Bhaile Átha Cliath fás sa todhchaí.

Molaim d'aon duine ar spéis leis tuilleadh faisnéise agus sonraí a fháil faoin mbainistíocht torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath féachaint ar ár gCuspóir Maolaithe Torainn agus ár gCinneadh agus Tuarascáil Rialála, a bheidh ar fáil ar líne tar éis dár bpróiseas comhairliúcháin poiblí a theacht chun críche.

Níl sa rialáil ach gné amháin de ról ANCA. Leanfaimid ag forbairt ár ról maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart bainistíochta torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sna blianta amach romhainn.

Táimid ag tnúth le leanúint lenár gcaidreamh le pobail chun faisnéis bhríoch a chur ar fáil a éascóidh díospóireacht eolasach agus cinní tábhachtacha á ndéanamh.

Ethna Felten

Stiúrthóir Seirbhísí

An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí, Feabhra 2022

Buaicphointí 2021



RUDAÍ A THARLA DEN CHÉAD UAIR

- **Cuspóir Maolaithe Torainn**
- - An **Dréachtchinneadh Rialála**
- **Comhairliúchán Poiblí**
(11 Samhain 2021 - 28 Feabhra 2022)
- **Preasagallamh**
- **Seimineáir Ghréasáin Phoiblí**
- **Teagmháil le hIonadaithe Poiblí**



FOILSITHE

- **Tuarascáil Bhliantúil 2020**
- **Measúnú Cuí** - Ráiteas Tionchair Natura
- **Measúnú Straitéiseach Comhshaoil** – Dréacht-Tuarascáil Timpeallachta
- **Cuspóir Maolaithe Torainn**
- Dréachtchinneadh **agus Tuarascáil Rialála**



CRUTHAITHE

- **2** Fhíseán
- **Seomra Comhairliúcháin Fíorúil**
- **Comhrianta Nochta Torainn** curtha leis an Amharcóir Idirghníomhach Comhrianta Torainn

RINNEADH MEASÚNÚ AR

- **10** nIarratas Pleanála
- D'oibrigh le **ÚABÁC** chun tuilleadh **Stáisiúin um Monatóireacht ar Thorann** a phleanáil



D'FHÁILTIGH ROIMH

- **sheoladh Thairseach Phoiblí Webtrak**, a thaispeánann gluaiseachtaí aerárthaí aonair go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus uaidh



Tá ANCA suite laistigh den phobal timpeall ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus éistimid le gach dearcadh agus cinntí tábhachtacha á ndéanamh againn.

Cé muid féin

San Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019 ainmníodh Comhairle Contae Fhine Gall mar an tÚdarás Inniúil chun críocha rialáil torainn aerárthaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh ANCA mar stiúrthóireacht neamhspleách ar leithligh laistigh de Chomhairle Contae Fhine Gall in 2019.

Tá ANCA lonnaithe i Sord, Contae Bhaile Átha Cliath. Ó bunaíodh ANCA, bhuaileamar agus d'éisteamar le heispéiris daoine aonair, grúpaí pobail, leasanna gnó agus an lucht taistil chun tuiscint a fháil ar an mbrí a bhaineann le bheith ag maireachtáil in aice le gnó, ag taisteal tríd agus ag déanamh gnó le/tríd Aerfort Bhaile Átha Cliath do dhaoine.

Sa ghrianghraf (c-d) tá croifhoireann ANCA: Angela Dullaghan, Aideen Meagle, Ethna Felten, Joe Mahon agus Siobhan Hogan



Cad a dhéanaimid

Is é ANCA an t-údarás neamhspleách atá freagrach as rialáil torann aerárthaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Comhlíonann ANCA raon leathan feidhmeanna agus cuirtear ár gcuid oibre i láthair sa tuarascáil bhliantúil seo agus mínítear níos mionsonraithe í ar ár suíomh gréasáin: www.fingal.ie/aircraftnoise

- ✈ Tá ár gcuid oibre á rialú ag reachtaíocht Eorpach agus Éireannach chun a chinntiú go gcuirtear ár bhfeidhmeanna rialála i gcrích ar bhealach **comhsheasmhach, cothrom** agus **trédhearcach**.
- ✈ **Tugaimid tús áite** d'fhoilsiú faisnéise a bhaineann lenár gcuid oibre ar ár suíomh Gréasáin.
- ✈ Nuair is gá téarmaíocht theicniúil a úsáid, mínimid é agus déanaimid iarracht a chinntiú go bhfuil **rochtain ag cách** ar chinntí.
- ✈ Tá obair an Údaráis Inniúil grúpáilte thart ar thrí phríomhfheidhm – **Measúnú, Rialú** agus **Monatóireacht** ar thorann aerárthaigh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air.



Déanann ANCA monatóireacht

ar bhearta maolaithe agus tá srianta oibríochtúla éifeachtach agus ag obair mar a bhí siad beartaithe.



Déanann ANCA measúnú

ar gach moladh chun Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhorbairt ag an gcéim phleanála chun a chinneadh an bhfuil na bearta bainistíochta torainn atá ann cheana féin imleor agus cúí nó an bhfuil gá le bearta nua nó breise. Nuair a chinneann ár measúnuithe gur féidir torthaí níos fearr a bhaint amach trí athruithe a dhéanamh ar na struchtúir bhainistíochta torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, déanfar **measúnú mionsonraithe** ina dhiaidh sin chun an chothromaíocht is oiriúnaí de bhearta a bhaineann leis na cúinsí sonracha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air a aithint. Déantar é seo lena chinntiú go dtarlaíonn forbairt ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir.

Rialaíonn ANCA

, nuair is gá, maidir le bearta nua nó mionathruithe ar bhearta maolaithe torainn agus srianta oibriúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is ionann srian oibríochta agus an leibhéal is airde maolaithe torainn is féidir a chur i bhfeidhm chun tionchar torainn oibríochtaí aerárthaí a bhainistiú. Cuireann srian oibriúcháin teorainn le rochtain aerárthach ar aerfort agus bíonn tionchar aige, ní hamháin ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ina gcuirtear i bhfeidhm é, ach ar ghréasán iompair níos leithne na hEorpa freisin. Ar an gcúis sin, forordaítear sa reachtaíocht nach bhféadfar srian oibríochta a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis gach rogha eile a mheas agus a fháil amach nach bhfuil siad éifeachtach maidir le torann ag aerfort a bhainistiú. Is sampla de mhaolú torainn é roghanna rúidbhealaigh a bhunú. Is srian oibríochta iad teorainneacha ama ar rúidbhealach - nó Aerfort Bhaile Átha Cliath ina iomláine - nach féidir a chur i bhfeidhm ach amháin tar éis breithniú a dhéanamh ar gach rogha eile agus nuair a fuarthas amach nach bhfuil siad éifeachtach.



Tuigeann agus admhaíonn ANCA go bhfuil dúshlán chasta le sárú ag gníomhaíochtaí aerfort gnóthach nach mór a bhainistiú; agus níl aon difríocht idir Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis seo. Áirítear orthu sin dúshlán ar gá cothromaíocht a bhaint amach idir gníomhaíocht eacnamaíoch, atá riachtanach chun geilleagar a fheidhmiú go héifeachtúil, le cosaint agus taitneamh a bhaint as an timpeallacht nádúrtha agus thógtha.

Toisc go dtiocfaidh forbairt agus athrú ar ghníomhaíocht aerfoirt agus ar an timpeallacht máguaird le himeacht ama, tá sé tábhachtach ár **measúnuithe rialta** a dhéanamh chun a chinntiú go bhfanann bearta atá deartha chun an chothromaíocht is fearr a sholáthar idir gach leas ábhartha thar am.

I gcás ina gcinntear le measúnú struchtúrtha torainn nach bhfuil an éifeacht inmhianaithe ag na bearta maolaithe torainn atá ann cheana ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, **féadfaidh ANCA rialáil a dhéanamh** chun bearta breise a chur chun feidhme tar éis dó modhanna measúnaithe a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirfeadh na bearta is éifeachtaí agus is iomchuí i bhfeidhm.

Sa chás go mbeartaíonn ANCA an t-údarás rialála seo a fheidhmiú, **éascóimid rannpháirtíocht an phobail** lena chinntiú go gcloisfeadh agus go mbreithneofar gach dearcadh.



Éachtaí: Ag breathnú siar ar 2021

Chuir ANCA tús leis an mbliain nuair a foilsíodh, i mí Eanáir 2021, tuarascáil bhliantúil ina sonraítear obair an Údaráis Inniúil don bhliain 2020; agus ag cur síos ar an gclár oibre do 2021 faoi thrí chroíthéama: Measúnú, Rialáil agus Monatóireacht.



Measúnachtaí agus Bearta Torainn

Le linn 2021, lean an tÚdarás Inniúil ar aghaidh ag seachadadh ar ár dtosaíochtaí maidir le measúnú torainn aerárthaigh a chur chun cinn, mar aon le bearta a chur i bhfeidhm chun tionchar na gníomhaíochta eitlíochta ar na pobail timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath a thaifeadadh agus a bhainistiú.

Plean Nua chun Nochtadh Torainn timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath a Laghdú

Den chéad uair in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus in Éirinn, d'ullmhaigh ANCA plean bainistithe torainn le linn ár measúnú tionchair torainn. Tagraítear go hidirnáisiúnta don phlean seo mar chuspóir laghdaithe torainn (NAO). Bunaíonn NAO an creat chun éifeachtaí astuithe torainn aerárthaigh ar na pobail máguaird agus ar an gcomhshaol ag aerfort a bhainistiú. Leagann an NAO d'Aerfort Bhaile Átha Cliath amach na laghduithe nocht torainn a chaithfeadh a sheachadadh de réir mar a fhásann an t-aerfort chun a chinntiú go dtarlaíonn forbairt ar an mbealach is inbhuanaithe agus is féidir. Tá an NAO d'Aerfort Bhaile Átha Cliath bunaithe ar na torthaí sláinte is fearr is féidir a sheachadadh agus ag an am céanna freastal ar an ngníomhaíocht atá mar chuid lárnach dár ngeilleagar. Admhaímid go dtógfaidh sé am chun tairbhí iomlána ár gcuid moltaí a bhaint amach, ach tá sé beartaithe ag ANCA a chinntiú go spreagtar agus go seachadtar feabhsuithe sa teicneolaíocht a laghdóidh astuithe torainn i mBaile Átha Cliath a luaithe agus is féidir é sin a dhéanamh.

Tá ANCA ag tabhairt cuireadh do gach duine, grúpa nó eagraíocht leasmhar cur leis an bplean seo d'Aerfort Bhaile Átha Cliath suas go deireadh mhí Feabhra 2022.



Cur Chuige Nua chun Torann a Bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

Tá go leor gnéithe de ghníomhaíochtaí aerfoirt faoi réir teorainneacha rialála. I gcás ina bhfuil gá le rialuithe bainistíochta gníomhaíochta, is iomchuí iad a athbheithniú ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfanann siad ábhartha i gcomhthéacs na gcaighdeán reachtach agus na bhfeabhsuithe teicneolaíochta a leanann de bheith ag forbairt le himeacht ama.

Baineadh bainistíocht torainn ag aerfoirt amach go traidisiúnta trí theorainneacha oibriúcháin ar an ngníomhaíocht a dhéantar tríd an aerfort. Cé gur féidir leis na teorainneacha seo cinnteacht éigin a thabhairt maidir le scála na gníomhaíochta trí aerfort, is minic a theipeann orthu teorainn a chur le méid an torainn a eascraíonn as an ngníomhaíocht seo nó cuireann siad dreasachtaí ar fáil chun an tionchar torainn a laghdú.

Sa Dréachtchinneadh Rialála a rinneamar le linn 2021, mhol ANCA creat rialála nua do bhainistiú torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i rith na hoíche nuair a bhíonn an tionchar is mó ag torann comhshaoil ar shláinte agus ar fholláine. Córas cuóta torainn a thugtar air seo. Feidhmíonn cuóta torainn cosúil le buiséad torainn nach mór don aerfort oibriú laistigh de. Ba é ár measúnú torainn an chéad athbheithniú suntasach ar an gcreat bainistíochta torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó tugadh cead planála don dara rúidbhealach comhthreomhar beagnach cúig bliana déag ó shin. Tá go leor athraithe sna blianta idir an dá linn – tá go leor pobal nua timpeall an aerfoirt agus tá an teicneolaíocht ag feabhsú i gcónaí le gach glúin nua aerárthach. D’achtaigh an tAontas Eorpach Rialachán 598 in 2014 go sonrach lena mbunaítear an cur chuige cothromaithe maidir le srianta oibríochta atá bainteach le torann a thabhairt isteach ag aerfoirt an Aontais Eorpaigh. Tá ANCA ag tabhairt cuireadh do gach duine, grúpa nó eagraíocht leasmhar a bheith rannpháirteach inár ndréachtmholtaí chun tionchar a imirt ar an mbealach a bhainistíofar torann aerárthach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Rochtain ar fhaisnéis ardcháilíochta

Tá sé mar thosaíocht againn a chinntiú go bhfuil faisnéis ar ardchaighdeán ar fáil do gach duine ar mian leo a bheith curtha ar an eolas faoi thionchar torainn na gníomhaíochta eitlíochta timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath is cuma cá bhfuil siad ina gcónaí nó ag obair.







AN CHÉAD COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ DE CHUID ANCA

Sheol ANCA ár gcéad chomhairliúchán poiblí maidir le torann aerárthach i rith mhí na Samhna 2021.



- ✈️ Tugann an comhairliúchán poiblí ANCA seo deis do gach duine ar spéis leo conas a bhainistítear torann aerárthach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath amach anseo páirt a ghlacadh sa chreat bainistíochta torainn a mbeidh tionchar aige ar chinntí a imríonn tionchar ar an gcaoi a n-oibreoidh Aerfort Bhaile Átha Cliath san oíche agus é a mhúnlú.
- ✈️ Arna sheoladh ag preasagallamh náisiúnta ar an 10 Samhain 2021, ghin ANCA clúdach forleathan sna meáin náisiúnta, áitiúla agus ar líne chun an comhairliúchán poiblí a chur chun cinn ar fud na nuachtáin, na teilifíse, an raidió agus na meáin shóisialta, chun a chinntiú go raibh gach lucht féachana ar an eolas faoin bpróiseas agus go raibh a fhios acu conas páirt a ghlacadh.
- ✈️ Forbraíodh seomra comhairliúcháin fíorúil ar thairseach comhairliúcháin Chomhairle Contae Fhine Gall mar ar taispeánadh tuairiscí agus inar uaslódáladh aiseolas/aighneachtaí.
- ✈️ Táirgeadh físeáin faisnéise chun an próiseas comhairliúcháin a mhíniú agus chun tuiscint a chothú ar an méid a dhéanann ANCA.
- ✈️ Reáchtáladh roinnt seimineár gréasáin chun dul i ngleic leis an bpobal maidir lenár bpróiseas measúnaithe agus sonraí ar ár ndruchtchinnéadh.
- ✈️ Reáchtáladh cruinnithe duine le duine inár n-oifigí le haon duine a d'iarr bualadh linn, le linn na tréimhse comhairliúcháin ar iarratas, nuair a cheadaigh treoirlínte sláinte poiblí.

MEASÚNÚ

Déanann ANCA athbhreithniú ar gach iarratas pleanála d'fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir leis an ngá atá le measúnú mionsonraithe a dhéanamh a d'fhéadfadh go mbeadh gá le hathmheasúnú ar na bearta rialaithe torainn.

-  Glacann ANCA páirt freisin i gcomhairliúcháin réamhphleanála idir an t-údarás pleanála agus iarratasóirí ionchasacha chun a chinntiú go gcomhtháthaíonn tionscadail d'Aerfort Bhaile Átha Cliath bearta bainistíochta torainn sa dearadh foriomlán chomh luath agus is féidir, chun dul i ngleic le haon saincheistanna tionchair torainn a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
-  Le linn 2021, chuir an t-údarás pleanála deich n-iarratas pleanála ar fhorbairt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi bhráid ANCA chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí torainn aerárthaigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Ní raibh gá le hidirghabhálacha bainistithe torainn aerárthach as aon cheann de na hiarratais sin a raibh gá le bearta rialaithe torainn a leasú nó a fhorchur. Tá cinntí ANCA maidir leis na hiarratais seo liostaithe ar ár suíomh gréasáin; agus tá sonraí iomlána an iarratais forbartha ar fáil ar shuíomh gréasáin an údaráis pleanála.

I mí na Nollag 2020, chuir an ÚABÁC iarratas pleanál¹ isteach chun na coinníollacha a bhaineann leis an Rúidbhealach Thuaidh nua - atá á tógáil faoi láthair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhodhnú.

-  Thug An Bord Pleanála² cead pleanála don Rúidbhealach Thuaidh i mí Lúnasa 2007 le coinníollacha a áiríonn srianta ar úsáid oíche an Rúidbhealaigh Thuaidh nua agus Aerfort Bhaile Átha Cliath ina iomláine.
-  Sainaitníodh i réamh-mheasúnú tionchair torainn ar an iarratas pleanála ag ANCA le linn 2021 go raibh gá le mionscrúdú ar an iarratas chun a chinneadh ar leor na bearta maolaithe a mhol an t-iarratas lena chinntiú go bhféadfaí cothromaíocht chúí a fháil idir forbairt Aerfort Bhaile Átha Cliath agus cosaint an chomhshaoil.

Chuir an t-údarás pleanála 10 n-iarratas pleanála ar aghaidh chuig ANCA in 2021 chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí féideartha torainn aerárthaigh. Ní raibh gá le hidirghabhálacha bainistithe torainn aerárthaigh ar bith, rud a d'fhág gur ghá bearta rialaithe torainn a leasú nó a fhorchur.

I réamh-mheasúnú tionchair torainn ar iarratas pleanála an ÚABÁC chun na coinníollacha a bhaineann leis an Rúidbhealach Thuaidh nua a mhodhnú, d'aithin ANCA go raibh gá le mionscrúdú ar an iarratas in 2021.


¹Uimhir thagartha údaráis pleanála F20A/0668

²Uimhir thagartha ABP PL06F.217429 (Uimhir thagartha údaráis pleanála F04A/1755)

Rinne ANCA measúnú mionsonraithe ar thionchar torainn ar thograí Aerfort Bhaile Átha Cliath san iarratas F20A/0668 agus rinne sé Dréachtchinneadh Rialála i rith mhí na Samhna 2021.

- ✈ Molann an Dréachtchinneadh Rialála go dtabharfaí isteach bearta maolaithe torainn lena chinntiú gur féidir saincheisteanna imní a shainaithnítear sa mheasúnú a bhainistiú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon.
- ✈ Tar éis an Dréachtchinneadh seo a dhéanamh, chuir ANCA tús le tréimhse ceithre seachtaine déag de chomhairliúchán poiblí i mí na Samhna 2021 chun tuairimí na ndaoine aonair, na ngrúpaí agus na ngnólachtaí go léir a bhfuil spéis acu sa chaoi a ndéantar torann aerárthach a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a fháil.
- ✈ Leanfaidh an comhairliúchán poiblí ar aghaidh go dtí an 28 Feabhra 2022. Is deis shuntasach é do phobail tionchar a imirt ar an mbealach a bhainistíodh Aerfort Bhaile Átha Cliath torann amach anseo agus an tionscal eitlíochta ina iomláine ag iarraidh teacht chucu féin ó thionchar na paindéime COVID-19.

Is iad na ceithre phríomhghné de Chur Chuige Cothromaithe ICAO i leith Bainistíocht Torainn Aerárthaí:



Chun a chinntiú go ndéantar measúnuithe torainn aerárthaí ar bhealach atá comhsheasmhach go hidirnáisiúnta, leagann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) cur chuige caighdeánaithe amach maidir le bainistiú torainn aerárthaigh.

- Tugtar an Cur Chuige Cothromaithe air seo. Féachann sé lena chinntiú go mbaintear amach forbairt ag aerfort ar bhealach inbhuanaithe.
- Tá na prionsabail seo comhtháite i ngach measúnú ANCA.
- Is rannán speisialaithe de na Náisiúin Aontaithe é ICAO; agus tá a modheolaíocht measúnaithe cumhdaithe i ndlí na hEorpa agus na hÉireann.



MONATÓIREACTH

Ó bunaíodh ANCA in 2019, d'aithin ár n-idirghníomhaíochtaí le grúpaí pobail agus daoine aonair mian le rochtain éasca ar fhaisnéis iontaofa a sholáthraíonn tuiscint iomlán ar thionchar torann aerárthaigh ar thithe, ar ghnólachtaí agus ar an bpobal i gcoitinne.

Cé nach féidir i gcónaí creat bainistíochta torainn a bhaint amach a thugann aghaidh ar gach ionchas, tá ANCA tiomanta a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach duine ar fhaisnéis ar ardchaighdeán faoi thionchar torainn aerárthaigh ar a dtimpeallacht. Tabharfaidh sé seo deis do rannpháirtíocht faisnéiseach i gcinnteoireacht a théann i bhfeidhm ar chúinsí daoine.

- ✈ Chun an cuspóir seo a chur chun cinn, lean ANCA ag obair leis an ÚABÁC le linn 2021 chun pleanáil a dhéanamh do mhéadú ar líonra na stáisiún monatóireachta torainn ar fud na bpobal timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- ✈ Tríd an obair seo, táthar ag súil go dtabharfar plean chun críche le linn 2022 le haghaidh gréasán méadaithe de stáisiún tomhais torainn pobail.

I rith 2021, bhí áthas ar ANCA a fheiceáil gur seoladh tairseach rannpháirtíochta pobail ar líne dar teideal Webtrak³ mar thoradh ar thorthaí ár n-idirghníomhaíochtaí le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Taispeánann sé faisnéis a bhaineann le bealaí a thógann aerárthaí timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Taispeánann an córas na leibhéal torainn atá cláraithe ag na stáisiúin aonair monatóireachta torainn i bpobail timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath agus éascaíonn sé athsheimn imeachtaí stairiúla.

is féidir teagmháil a dhéanamh le ÚABÁC trí Webtrak má tá imní ann nár chomhlíon aerárthach na bealaí isteach/imeachta atá leagtha síos d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Tá ANCA tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain ag gach duine ar fhaisnéis ardchaighdeán faoin tionchar atá ag torann aerárthach ar a dtimpeallacht.

³<https://webtrak.emsbk.com/dub1>

Chuir ANCA Comhrianta um Nochtadh Torainn lenár n-amharcóir idirghníomhach ar líne chun gur féidir scrúdú a dhéanamh ar mheánfhaisnéis noхта torainn aerárthaigh ag réadmhaoine aonair.

Éascaíonn comhrianta torainn comparáid a dhéanamh idir blianta difriúla agus modhanna oibríochta na rúidbhealaí


Ceanglaíonn an reachtaíocht ar Aerfort Bhaile Átha Cliath tuarascáil bhliantúil um chomhlíonadh maolaithe torainn aerárthaigh a ullmhú.

✈ Tá tuarascáil Aerfort Bhaile Átha Cliath don bhliain iomlán roimhe sin foilsithe ar shuíomh Gréasáin ANCA, mar aon le haon fhaisnéis bhreise a chinneann ár measúnú a mhéadódh tuiscint an phobail ar thionchar torainn aerárthaigh na gníomhaíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.


Lean ANCA ag forbairt feidhmiúlacht ár suíomh gréasáin le linn 2021, mar fhreagra ar iarratais ar rochtain níos fearr ar fhaisnéis.

✈ Cuireadh Comhrianta um Nochtadh Torainn le hamharcóir idirghníomhach a éascaíonn scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis meán noхта torainn aerárthaigh síos go leibhéal réadmhaoine aonair. Cuireann sé seo leis an bhfaisnéis a sholáthraíonn infheictheacht na gcomhrianta cáilitheachta inslithe tí a cuireadh leis roimhe seo.

✈ Aithníonn ANCA go bhfuil go leor bealaí ann chun tionchar torainn aerárthaigh a chur i láthair agus go bhfuil riachtanais éagsúla faisnéise ag daoine a bhaineann lena gcúinsí. I rith 2021, d'fhoilsíomar leathanach faisnéise ar ár suíomh gréasáin (<https://www.fingal.ie/aircraftnoise/aircraft-noise-information>) inar sonraíodh go leor de na bealaí coitianta chun fuaim a chur i láthair agus na fáthanna a roghnaíonn ANCA na modhanna a úsáidimid. inár measúnuithe.



Clár oibre réamh-mheasta do 2022



RIALÁIL

Leanfaidh ANCA leis an bpróiseas rialaithe torainn aerárthaigh a bhaineann leis an iarratas ar chead pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le hoibríochtaí aerárthaí oíche.

- D'fhoilsíomar dréacht-tograí maidir le torann aerárthach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhainistiú i mí na Samhna 2021 agus rinneamar foráil do rannpháirtíocht an phobail chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, mar aon lenár gcúiseanna lena ndéanamh; agus éascú a dhéanamh ar mholtaí a mbeidh tionchar acu ar conas is ceart torann a bhainistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus timpeall air.
- Tá comhairliúchán poiblí ar siúl go dtí an 28 Feabhra 2022.
- Nuair a bheidh gach tuairim faighte agus curtha san áireamh, tabharfaidh ANCA an measúnú tionchair torainn chun críche trí Chinneadh Rialála.
- Déanfar Cinneadh Rialála ANCA a ionchorprú i gcinneadh deiridh an údaráis phleanála, beag beann ar an gcinneadh sin an t-iarratas a dheonú nó a dhiúltú.
- Féadfar achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála i gcoinne chinneadh an údaráis phleanála ina bhfuil Cinneadh Rialála ANCA.

CUMARSÁID

Beidh ANCA rannpháirteach in obair ÚABÁC le pobail áitiúla leanúint ar aghaidh ag forbairt tairseacha faisnéise ar líne a sholáthraíonn faisnéis thrédhearcach maidir le torann aerárthaí.

- Leanfaimid ag forbairt láithreán gréasáin ANCA chun a chinntiú go bhfuil faisnéis ábhartha ar fáil go héasca agus go soiléir maidir leis an aeráid torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus obair an Údaráis Inniúil.

MONATÓIREACHT AR THORANN

Leanfaidh ANCA ag obair le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun éascú a dhéanamh ar sholáthar líonra leathnaithe de stáisiúin mhonatóireachta torainn ar fud na bpobal a mbíonn tionchar ag torann aerárthaigh orthu.

Tá ANCA ag súil go dtabharfar plean le haghaidh líonra méadaithe de stáisiúin tomhais torainn pobail chun críche le linn 2022.

Soláthraíonn suíomh gréasáin ANCA www.fingal.ie/aircraftnoise faisnéis cothrom le dáta ar obair an Údaráis Inniúil, lena n-áirítear;

- Foilseacháin
- Eolas ar thorann aerárthaigh
- Eolas ar iarratais phleanála arna dtarchur chuig agus arna measúnú ag ANCA, lena n-áirítear comhrianta is déanaí atá ar fáil
- Léarscáileanna idirghníomhacha chun incháilitheacht d'inliú torainn tí a chinneadh

Rialachas airgeadais agus comhlíonadh


ACHOIMRE AIRGEADAIS 2021

Ní mór don ANCA a chinntiú go gcomhlíonfaidh sé a fheidhmeanna reachtacha ar bhealach costéifeachtach.

- Cuirtear rialachán tobhaigh aerfoirt faoi bhráid Thithe an Oireachtais gach bliain. Sonraíonn sé seo costais réamh-mheasta an Údaráis Inniúil do gach bliain airgeadais.
- Éilíonn an reachtaíocht go mbeidh an ÚABÁC freagrach as na costais go léir a thabhaíonn ANCA le réasún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna a íoc.
- Is féidir rialacháin tobhaigh a shonraíonn an caiteachas réamh-mheasta do gach bliain ó bunaíodh muid a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin ANCA.

Sonraítear costais oibriúcháin ANCA thíos faoi na príomhghrúpaí buiséid. Cuireann ANCA a sainordú i bhfeidhm le foireann lárnach a bhfuil rochtain ar shaineolas ar conradh aige de réir mar is gá, chun freastal ar riachtanais an chláir oibre reatha.

ACHOIMRE AIRGEADAIS AN ÚDARÁIS INNIÚIL, 2021



Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Ullmhaíodh an tuarascáil bhliantúil seo de réir cheanglais Alt 3(9)(c) den Acht um Thorann Aerárthaí (Aerfort Bhaile Átha Cliath) a Rialáil, 2019.

Ethna Felten

Stiúrthóir Seirbhísí
An tÚdarás Inniúil um Thorann Aerárthaí, Feabhra 2022





An tÚdarás Inniúil um
Thorann Aerárthaí

Aircraft Noise
Competent Authority

Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council

